

Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne, Eag., Nessa Ní Shé, Longman Brún agus Ó Nualláin, 1971.

Aiste a foilsíodh in Foinse, mí Eanáir 2007.

Ó laethanta na hArdteiste fanann íomhá as téacsleabhar fós i mo chuimhne: Agus an gaiscíoch Diarmaid ó Duibhne sáinnithe i mbruíon a bhfuil seacht ndoras uirthi — slua den Fhiann ag gach aon doras acu taobh amuigh, agus Fionn féin á ngríosadh chun díoltais — sánn sé bun a dhá chrann sleá faoi sa talamh agus éiríonn san aer “de bhaoithléim ard uiréadrom” amach os cionn a chuid namhad. Is í baois agus gaisce na léime sin in éadan na cinniúna is mó a fhanann liom fós dá raibh de leabhair a leagadh os mo chomhair le linn mo chuid scolaíochta.

Ní hionann agus an ghnáth-thuisctint atá againn ar an tseanlitríocht, cuireann scríbhneoir *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* fios fátha an scéil inár láthair taobh istigh de chúpla focal:

*Lá dár éirigh Fionn mac Cumhaill maidean mhoch i nAlmhain leathanmhóir
Laighean, do shuidh amuigh ar an bhfaiche gan ghiolla gan óglach ina fhochair.
Do lean dias dá mhuintir é, Oisín mac Fhinn agus Diorraing mac Dobhair
Dhámhaigh í Bhaoiscne. Do labhair Oisín agus is ea adúirt:
'Créad é ábhar na moch-éirí seo ort, a Fhinn?
'Ní gan ábhar do rinneas an mhoch-éirí seo, a Oisín,' ar Fionn, 'óir atáim le bliain
gan mhnaoi....*

Mar sin, tá Fionn ar thóir mná. Déantar cleamhnas dó le Gráinne iníon an Ardrí, ach nuair a thagann Fionn agus a chomhlúadar ag iarraidh Ghráinne, tagann athrú intinne uirthi agus socraíonn sí gan Fionn a phósadh (óir is seandúine é Fionn faoin tráth seo) agus cuireann sí an líon tí ina gcodladh le deoch suain, cés moite de chúpla duine d'óige na Féinne. Cuireann sí Diarmaid faoi gheasa í a thabhairt leis. Go míthoilteanach, déanann sé é sin, agus éalaíonn an bheirt. Téann Fionn agus an Fhiann sa tóir orthu agus cuirtear tús leis an *Tóraíocht*.

Aithnítear go coitianta gurb í an *Tóraíocht* dlaoi mhullaigh na Fiannaíochta — cé nach miste gan dearmad a dhéanamh ar *Macgnímar da Find* (Mac-ghníomhartha Fhinn), ar *Fotha Catha Cnuca* agus ar *Fheis Tigh Chonáin* agus ar roinnt de na laoiithe atá cnuasaithe in *Duanaire Finn*.

Ina leabhar siúd, *Prós na Fiannaidheachta*, rinne Micheál Breathnach rangabháil ar an bprós ina dhá chuid – an stíl simplí gan mhaisíocht atá i ‘Macgnímar da Find’ agus ‘Fotha Catha Cnucha’, cuir i gcás, agus an stíl ornáideach aidiachtach atá in ‘Eachtra Lomnochtáin’. Tá claonadh láidir i dtreo na chéad rangabhála in aesteitic an lae inniu, agus braithim go mbaineann an *Tóraíocht* leis an stíl dhíreach sin, cé nach bhfuil sí chomh gonta leis an dá shampla a thug an Breathnach, ná baol air, ach tá forbairt ealaíonta déanta ag scríbhneoir na *Tóraíochta* ar an *genre* sa chaoi is go bhfuil loime áirithe sa scéal féin, ach é sínte amach go tomhaiste aige ar bhealach nach dtéann chun leimhe is chun leadráine mar a tharlaíodh go minic i gcás na Fiannaíochta déanaí. Ina áit sin tá méid áirithe ornáidíochta in úsáid ag an scríbhneoir a chruthaíonn rithim bhreá dhraíochtúil a chuireann luas agus gluaiseacht leis an insint.

Is d'aonturas a tugaim scríbhneoir air, mar tá an nós ann a cheapadh nach scríbhneoirí nó ealaíontóirí a chruthaigh an ealaín a tháinig chugainn anuas le hoidhreacht — na pictiúir ar bhallaí pluaise, na croiseanna, na hamhráin mhóra, na laoithe, na scéalta — ach gurb é an chaoi gur cruthaíodh iad de réir a chéile mar a bheadh cosán trí gharraí á dhéanamh ag daoine (nó ag beithígh) i nganfhiós dóibh féin le himeacht aimsire. Níl aon dealramh leis an tuiscint sin. Cé nach gá gur tugadh ealaíontóir ar an duine a chruthaigh an saothar seo, táimid ag trácht anseo ar phíosa ealaíne a chruthaigh duine éigin go comhfhiósach agus é treoraithe ag aesteicicí a chuid ealaíne.

Cé nach fios cé a scríobh an *Tóraíocht* is cinnte gur fear a bhí ann (de réir nósanna na haimsire), gur mhair sé sa 15ú haois i dTuamhumhan nó i ndeisceart Chonnacht (mar gur ann is mó atá an scéal suite aige), agus gur dóigh go bhfuair sé oiliúint scoile, mar fhile, mar sheanchaí nó mar scríobhaí.

Bhain sé leas as a bhua mar cheardaí chun bunscéal Dhiarmada agus Ghráinne (a raibh leagan de ann sular thug sé faoin *Tóraíocht*) a ionramháil thart timpeall ar na carachtair — agus sin é a thiomáineann an scéal seo chun cinn thar aon rud eile, na carachtair láidre atá so-dhealaithe ó chéile — agus ansin an scéal a shníomh go healaíonta le fophlotaí agus le focharachtair, gan a shúil a bhaint den léitheoir nó den lucht éisteachta atá coinnithe ar tinneall aige ó thús deireadh.

Saothair *virtuoso* iad na foscéalta aige, nó na scéalta taobh istigh den bhunscéal (agus go deimhin na scéalta taobh istigh díobh sin arís) — Scéal an tSearbháin Lochlannaigh, cuir i gcás, nó an scéal ina mínítear geasa Dhiarmada. Braithim méid áirithe den ghaisce sa scríbhneoireacht seo (cosúil le cleasa Dhiarmada i gcoinne thrí Rí-Fhéinithe Mhara nIocht) agus an scríbhneoir ag tabhairt an léitheora leis chomh fada agus a fhéadfaidh sé gan é a chailleadh. Éiríonn go paiteanta leis, cuireann na foscéalta go mór le hatmaisféar draíochtúil na scéalaíochta féin, agus airíonn an léitheoir go bhfuil sé i lámha siúrálte an mháistirscríbhneora.

Anuas ar láimhseáil chumasach na hinsinte éiríonn leis an scríbhneoir pictiúir bheaga a chruthú a fhanann leis an léitheoir. Ar an aistear ó thuaidh trí Chonnachta, cuir i gcás, agus an bheirt fós gan luí le chéile, ardaítear steall uisce a fhliuchann a cois ar Ghráinne.

'A Dhiarmaid,' ar sí, 'gé mór do chrógacht agus do chalmacht i gcomhlannaibh agus i gcathláithribh dar liom féin is dána an braon beag baothuisce sin ná tú.' Agus dár ndóigh ní bhíonn de rogha ag Diarmaid ansin ach 'bean' a dhéanamh de Ghráinne, rud a thugann an scríbhneoir le fios dúinn i mbeagán focal.

Agus cé a dhearmadóidh an chomhairle a chuir Aonghas an Bhrogha ar an mbeirt agus iad i Ros Dá Ró-Shaileach (nó i Luimneach mar atá inniu):

'gan dul i gcrann aon choise ag teitheadh roimh Fhinn, agus gan dul in uaimh thalún nach mbeidh ach aon doras uirthi, agus gan dul in oileán mara nach mbeidh ach aon tslí air,' agus adúirt: 'gibé áit ina mbruithfir do chuid nárab ann chaithfir, agus gibé áit a gcaithfir nárab ann luífir, agus gibé áit a luífior nárab ann éireoir.'

Buntáiste agus míbhuntáiste é *Tóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne* a bheith ar an gcúrsa Ardteiste. Is beag duine de m'aois-se a rinne an cúrsa onóracha san Ardteist nach bhfuil cur amach acu ar an *Tóraíocht*. Ar an láimh eile de, faraor, is mar théacsleabhar a fheictear anois í. Ní bheidh sí ar fáil ar sheastán na leabhar Gaeilge in Easons. Caithfidh tú dul á tóraíocht i measc na leabhar scoile (nó an t-eagrán scolártha a d'fhoilsigh an Irish Texts Society a cheannach). Agus is trua sin, mar ní thugann sé sin a ceart di mar leabhar ar chóir a bheith ar an tseilf gualainn ar ghualainn le *Cré na Cille* agus *An tOileánach* agus mórshaothair ealaíne ár linne féin.

Deirim gur mórshaothar ealaíne í mar, ní hionann is go leor leabhar eile, leabhar í an *Tóraíocht* a dtagaim ar ais chuici arís is arís eile, lena léamh, nó le blaiseadh de leathanach nó dhó. Agus mé á léamh braithim mé féin i láthair na healaíne agus braithim gur bhraith an scríbhneoir féin gur ealaín a bhí á chruthú aige. Agus sin, dar liom, dea-scríbhneoireacht.

Tá deireadh na *Tóraíochta* chomh lán tragóide is atá scéalta móra an Opéra, agus is chuige sin a d'fhágas cur síos air anseo go deireadh. Tar éis a chomhraic le Torc Bhinne Ghulbain, feicimid Diarmaid sínte ar shleasa an tsléibhe ag saothrú an bháis, agus an Fhiann cruinnithe ina thimpeall. Iarrtar ar Fhionn (tharla bua an leighis aige) uisce a bhreith chuige ón tobar. Faoi dhó a théann Fionn ag breith uisce ina bhosa ón tobar ach cuimhníonn sé ar Ghráinne agus ligeann an t-uisce as a lámha. Ar deireadh, agus a gharmhac féin Oscar ag bagairt faobhar a chlaímh air, filleann Fionn ar an tobar, ach é rómhall an iarraidh seo.